Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**14152/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0375(COD)**

**CODEC 1885**
**CONSOM 296**
**MI 841**
**JUSTCIV 165**
**DIGIT 204**
**COMPET 995**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 524/2013, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/2394 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le deireadh a chur leis an gClár Eorpach um Réiteach Díospóidí ar Líne<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/2394 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le deireadh a chur leis an gClár Eorpach ODR[1].

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Feabhra 2024[2].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[3] tríd an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin ag an seisiún iomlánach an 13 Márta 2024 agus chuir sí a seasamh ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. An 25 Meán Fómhair 2024, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú polaitiúil[4] gan aon leasú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

6. An 5 Samhain 2024, chuir Cathaoirleach an Choiste de chuid Pharlaimint na hEorpa um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle téacs an togra ón gCoimisiún gan athruithe ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle gan aon leasú a dhéanamh air ar an dara léamh.

7. De réir an chúigiú mír d'Airteagal 294 CFAE, más rud é nach bhformheasfaidh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfaidh sí a seasamh sa chéad léamh agus cuirfidh sí in iúl do Pharlaimint na hEorpa é. De réir an séú mír d'Airteagal 294 CFAE, tabharfaidh an Chomhairle gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoi na cúiseanna a thug uirthi a seasamh a ghlacadh sa chéad léamh.

---

[1] 14451/23.
[2] 6964/24.
[3] 10617/24.
[4] 13402/24.

## II. CUSPÓIR

8. Is é is aidhm don Rialachán Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 a aisghairm, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le clár ODR agus leis na hoibleagáidí gaolmhara. Ní thugann leibhéal feidhmíochta chlár ODR údar maith leis na costais a thabhaíonn an Coimisiún chun an uirlis a choinneáil ar bun, ná leis an gcostas a íocann riaracháin phoiblí agus gnólachtaí ar líne chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán ODR a chomhlíonadh.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

9. Aontaíonn an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh maidir leis an mbunábhar. Mar sin féin, tá an téacs leis na hathbhreithnithe is gá ó na dlítheangeolaithe sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Ní dhéanann sé aon leasuithe suntasacha ar an téacs ach féachann sé lena theanga a shoiléiriú ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla.

## IV. CONCLÚIDÍ

10. Ó thaobh an bhunábhair de, ní leasaítear an togra ón gCoimisiún leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus, dá bhrí sin, tá sé i gcomhréir leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa. Ní áirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ach athruithe a eascraíonn as an athbhreithniú dlítheangeolaíoch. Ba cheart, dá bhrí sin, go bhféadfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air ar an dara léamh.